An Fhrainc ag seasamh go teann

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi sheasamh na Fraince tar éis na n-ionsaithe oíche Dé hAoine. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cad a tharla oíche Dé hAoine seo caite i bPáras na Fraince?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

at war	_____
terrorist factory	_____
in memory of	_____
terrorist attacks	_____
jet plane	_____
charging Syria	_____
arms depot	_____
training camp	_____
meanwhile	_____
he was let go	_____
close to	_____
various premises	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a dúirt François Hollande tráthnóna?
2. Cá raibh an nóiméad ciúnais agus cén fáth a raibh a leithéid ann?
3. Cén áit ar bhuamáil na Francaigh sa tSiria agus cad a bhuamáil siad?
4. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi Salah Abdeslam?
5. Cad a rinne póilíní na Fraince ar maidin?

Ceist 4 '…An Fhrainc…' agus '…muintir na Fraince…'

An bhfuil *An Fhrainc* firinscneach nó baininscneach? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Cuir na tíortha seo sa tuiseal ainmneach agus cuir sa tuiseal ginideach ansin iad.

France	*An Fhrainc*	*muintir na Fraince*
Europe	_____	_____
Syria	_____	_____
Belgium	_____	_____
Germany	_____	_____
Russia	_____	_____

Ceist 5 *'…reáchtáladh…'*

Bhí a lán samplaí den bhriathar saor san alt. Breac síos gach ceann a chloiseann tú agus abair cén aimsir lena mbaineann sé.

_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Déan cur síos ar na mothúcháin a bhraith tú féin nuair a chuala tú faoi na hionsaithe sa Fhrainc, an chéad uair.
2. Cén fáth ar ionsaíodh an Fhrainc agus nár ionsaíodh tíortha eile san Eoraip, dar leat?
3. An bhfuil eagla ort go dtarlódh a leithéid in Éirinn? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

at war	*i mbun cogaidh*
terrorist factory	*monarcha sceimhlitheoireachta*
in memory of	*i gcuimhne*
terrorist attacks	*ionsaithe sceimhlitheoireachta*
jet plane	*scairdeitleán*
charging Syria	*ag tabhairt ruathair faoin tSiria*
arms depot	*príomháras airm*
training camp	*campa traenála*
meanwhile	*idir an dá linn*
he was let go	*scaoileadh leis*
close to	*cóngarach do*
various premises	*áitribh éagsúla*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá *An Fhrainc* baininscneach. Is minic a bhíonn na tíortha baininscneach. Tá séimhiú ar an gcéad chonsan tar éis an ailt sa sampla seo chomh maith, a léiríonn gur focal baininscneach é.

France	*An Fhrainc*	*muintir na Fraince*
Europe	*An Eoraip*	*muintir na hEorpa*
Syria	*An tSiria*	*muintir na Siria*
Belgium	*An Bheilg*	*muintir na Beilge*
Germany	*An Ghearmáin*	*muintir na Gearmáine*
Russia	*An Rúis*	*muintir na Rúise*

Ceist 5

reáchtáladh	*an aimsir chaite*
maraíodh	*an aimsir chaite*
reáchtáladh	*an aimsir chaite*
buaileadh	*an aimsir chaite*
nár gortaíodh	*an aimsir chaite*
a chreidtear	*an aimsir láithreach*
níor gabhadh	*an aimsir chaite*
níltear	*an aimsir láithreach*
tuairiscítear	*an aimsir láithreach*
scaoileadh	*an aimsir chaite*
gabhadh	*an aimsir chaite*
frítheadh	*an aimsir chaite (<u>fuarthas</u> an leagan caighdeánach)*

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Dúirt an tUachtarán, François Hollande, tráthnóna go bhfuil an Fhrainc anois i mbun cogaidh. Dhein sé cur síos ar an tSiria mar an mhonarcha is mó sceimhlitheoireachta ar domhan. Níos luaithe reáchtáladh nóiméad ciúnais sa Fhrainc agus ar fud na hEorpa i gcuimhne na ndaoine a maraíodh in ionsaithe sceimhlitheoireachta Pháras, oíche Dé hAoine.

Muintir na Fraince ag seasamh le chéile go ciúin, chun na marbh a thabhairt chun cuimhne. Ag meán lae inniu reáchtáladh nóiméad ciúnais ag Ollscoil Sorbonne agus in áiteanna eile ar fud na Fraince agus na hEorpa. Níos lú ná 48 uair a chloig i ndiaidh na n-ionsaithe, d'fhreagair an Fhrainc. Scairdeitleán dá cuid ag tabhairt ruathair faoin tSiria, ag díriú ach go háirithe ar bhunáit an Stáit Ioslámaigh in Raqqa. Deir oifigigh gur buaileadh roinnt áiteanna: ionad ceannais, príomháras airm agus campa traenála do throdairí[1] san áireamh. Dúirt IS go raibh na háiteanna folamh agus nár gortaíodh éinne.

Idir an dá linn tá an cuardach ollmhór a bhí ar bun ag póilíní na Beilge i gceantar Molenbeek na cathrach don bhfear[2] seo, Salah Abdeslam, fear 26 bliain d'aois de bhunadh na Bruiséile a chreidtear a bhí páirteach sna hionsaithe tagtha chun deiridh. Níor gabhadh éinne. Níltear tar éis teacht ar Abdeslam fós. Tuairiscítear gur stop póilíní é i ndiaidh na n-ionsaithe ag teorainn na Beilge, ach i ndiaidh seiceála, scaoileadh leis. Phléasc agus mharaigh a dheartháir, Brahim, é féin cóngarach don gceoláras[3] Bataclan Dé hAoine. Dhein póilíní na Fraince 150 ruathar sa tír sin ar maidin. Gabhadh roinnt daoine agus frítheadh[4] airm in áitribh éagsúla i bPáras, Grenoble, Toulouse agus Lyon.

Agus é ag labhairt in Versailles na Fraince tráthnóna, dúirt an tUachtarán Hollande go bhfuil an Fhrainc anois i mbun cogaidh.

[1] *trodaithe* an leagan caighdeánach
[2] Córas na Mumhan
[3] Córas na Mumhan
[4] *fuarthas* an leagan caighdeánach